

An Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge – Spreagsmaointe & Moltaí

Nóta treorach agus moltaí Gaeloideachas do na Ceisteanna Comhairliúcháin

Is ionann na ceisteanna thíos le cúlra liath agus na ceisteanna oscailte atá i suirbhé na Roinne Oideachais.

Is ionann an téacs le cúlra gorm agus an comhthéacs a thugann Gaeloideachas bunaithe ar thaithí agus ar shaineolas na heagraíochta.

Is ionann an téacs le cúlra glas agus na moltaí atá á dhéanamh ag Gaeloideachas maidir leis na ceisteanna comhairliúcháin a fhreagairt.

Tabhair faoi deara go bhfuil teorann le líon na gcarachtar ar féidir a scríobh sa suirbhé. Moltar, oiread agus is féidir, aighneacht a chur isteach in éindí le suirbhé chun feoil a chur ar na freagraí.

OLG = Oideachas lán-Ghaeilge

Clár

Rochtain & Deiseanna.....	2
Aistriú chuig an Mheánscoil.....	3
Soláthar a threisiú & conas tacú leis - príomhdhúshláin	4
Soláthar a threisiú & conas tacú leis - réitigh	5
RSO i suíomhanna / scoileanna.....	7
Comhionannas, éagsúlacht & ionchuimísú.....	8
Gaeilge i suíomhanna oideachais & sa mhórphobal.....	8
Tuairimí / léargas breise ar fhorbairt an pholasaí.....	9

Rochtain & Deiseanna

An cheist a chuirtear sa suirbhé:

Conas a d'fhéadfaí daoine a spreagadh chun oideachas lán-Ghaeilge a roghnú?

An comhthéacs a thugann Gaeloideachas:

Níl aon aitheantas d'éileamh ar OLG sa cháipéis chomhairliúcháin. Tá béim na Roinne ar ceist an tsoláthair (líon spásanna) amháin, beag beann ar chineál an tsoláthair agus rogha an tuismitheora.

Moltaí Gaeloideachas:

- Bonn láidir a chur faoi naíonraí chun go mbeidh siad inmharthana agus mar bhunchloch an luaththumoideachais
- Aitheantas do thábhacht an leanúnachais ón naíonra trí leasú ar an reachtaíocht rollacháin bunscoile.
- Rochtain cheart ar scoileanna lán-Ghaeilge trí chóras bunaithe scoile a thacaíonn le OLG
- Scoileanna neamhspleácha tumoideachais ag an iar-bhunleibhéal mar phrionsabal (seachas aonad Gaeilge faoi chúram scoil Bhéarla).
- Deiseanna a chruthú i gceantair tuaithe.
- Feachtas náisiúnta bolscaireachta (maoinithe ag an Stát).
- Infreastruchtúr ceart a bheith timpeall ar na scoileanna chun daltaí a mhealladh (acmhainní spóirt, ceoil srl).

Aistriú chuig an Mheánscoil

An cheist a chuirtear sa suirbhé:

Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh chun daltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge a spreagadh chun leanúint lena gcuid oideachais i meánscoileanna lán-Ghaeilge?

An comhthéacs a thugann Gaeloideachas:

- Níl aon tagairt nó béim ar an leanúnachas ón naíonra go bunscoileanna
- Léiríonn staitisticí na Roinne nach bhfuil leanúnachas láidir ann. Baineann sé seo le heaspa deiseanna. 35.7% go Gaelcholáiste, 12% go scoil ina bhfuil Aonad ann.
- Múnla an Aonaid ina chonstaic le haghaidh forbairt soláthair amach anseo.
- Níl aon tagairt i gceist na Roinne do dhaltaí ó bhunscoileanna Béarla á spreagadh le dul isteach sa chóras lán-Ghaeilge.

Moltaí Gaeloideachas:

- Deireadh le múnla an Aonaid mar mhúnla soláthair úir.
- Córas nua bunaithe scoile. Tá an ceann reatha ag déanamh leithcheala orthu siúd ar mian leo OLG.
- Deireadh le húsáid an téarma Sruth mar mhúnla sa chóras. Is CLIL atá ann. Ní cheart é a bheith luaite mar mhúnla inghlactha sa chóras lán-Ghaeilge
- Múnla na scoile satailíte níos fearr mar choincheap ach tástáil & athbhreithniú déanta air.
- Forbairt feasachta i measc tuistí ar bhuntáistí an leanúnachais sa chóras tumoideachais.

Soláthar a threisiú & conas tacú leis - príomhdhúshláin

An cheist a chuirtear sa suirbhé:

Céard iad na príomhdhúshláin a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge d'ardchaighdeán a sholáthar?

Moltaí Gaeloideachas:

- Easpa deiseanna leanúint san OLG de bharr ganntanas scoileanna
- Gá le huairteanta tacaíochta teanga don Ghaeilge do gach páiste de réir na leibhéal cumais éagsúla– tá meán líon daltaí níos airde sna scoileanna lán-Ghaeilge agus gan tacaíocht bhreise don tumoideachas
- Ní mór tumoideachas i scoil neamhspleách á thairiscint mar bhuncheart
- Soláthar múinteoirí, cáilithe sna hábhair cuí (IBL) agus inniúil ar an tumoideacha
- Soláthar múinteoirí go ginearálta
- Caighdeán Gaeilge múinteoirí
- Múinteoirí gan aitheantas cuí don obair bhreise sa suíomh tumoideachais
- Níl soláthar OTM (Oiliúint Tosaigh Mhúinteoirí) leordhóthanach ann
- Níl FGL in oiriúint don chomhthéacs ar fáil go comhuaineach le scoileanna Béarla
- Níl treoir shoiléir ón gcigireacht ann maidir le feidhmiú an luath-thumoideachais (cur chuige éagsúil ag gach scoil)
- Níl treoirlínte d'fheidhmiú an (luath)thumoideachais ann
- Tá dúshlán ollmhór sna scoileanna an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga na cumarsáide agus an tsóisialaithe (bunscoileanna agus iarbhunscoileanna)
- Tá dúshlán ag tromlach na scoileanna cur chuige difreáilte teagaisc a chur i bhfeidhm chun freagairt do riachtanais éagsúla agus teanga na ndaltaí (Tuarascáil ilchodach na Cigireachta, Lch. 8).

Soláthar a threisiú & conas tacú leis - réitigh

An cheist a chuirtear sa suirbhé:

Conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshlán seo chun an soláthar san earnáil a threisiú agus a thacú?

Moltaí Gaeloideachas:

Naíonraí:

- Scéim aitheantais mar naíonra lán-Ghaeilge.
- Táscairí dea-chleachtas don suíomh tumoideachas a fhorbairt agus plean tacaíochta chuige.
- Go ndéanfaidh an Roinn Leanaí soláthar ar leith do na luathbhlianta trí mheán na Gaeilge agus an plean nua *Comhpháirtíocht chun leasa an Phobail á fheidhmiú* agus go gcuirfear maoiniú ar fáil le go bhféadfaí liúntas a íoc le foireann an naíonra mar straitéis le dul i ngleic leis an ngéarchéim earcaíochta san earnáil.
- Go ndéanfaí tacaíochtaí dearfacha a sholáthar do mhúinteoirí naíonra faoin bplean *Scileanna a Chothú* lena n-áirítear sparánachtaí, dreasachtaí caipitlíocha níos airde, agus infhaighteacht níos leithne ar chlár oideachais trí mheán na Gaeilge chun níos mó inniúlachta sa Ghaeilge a spreagadh.
- Dearbhú cáilíochta mar a bhaineann le feidhmiú an tumoideachais sna naíonraí – córas a aithníonn na caighdeán riachtanacha, a éilíonn iad agus a thacaíonn leo.
- Forbairt ghairmiúil chuí ag múinteoirí naíonraí
- Buncháilíochtaí teanga a bheith ag gach múinteoir sna naíonraí (TEG, leibhéal B2) agus bealaí le tacú leis an sprioc
- Córas aistrithe tacúil idir naíonraí agus bunscoileanna lán-Ghaeilge
- Rialachán a thacaíonn le bunscoileanna lán-Ghaeilge ar mian leo tús áite a thabhairt do pháistí a thagann ó naíonraí nó seirbhísí réamhscoile atá ag feidhmiú trí Ghaeilge.
- Soláthar d'aon rud maoinithe ag an Stát - go dtógadh sé an suíomh tumoideachais san áireamh.

Bunscoileanna:

- Táscairí dea-chleachtas don suíomh tumoideachais a fheidhmiú trí plean tacaíochta chuige.
- 2 bhliain den luaththumoideachais mar chritéir aitheantais
- GTB – Múinteoir Gaeilge mar Theanga Bhreise. Samhail EAL.

- FGL chuimsitheach agus forleathan do mhúinteoirí ar fheidhmiú an luath-thumoideachais
- Treoirínte teagaisc don suíomh tumoideachais
- Córas cúí soláthar mhúinteoirí don oideachas lán-Ghaeilge (teastas incháilithe; painéil ar leith, caighdeán ar an bhfráma Eorpach mar chritéir ceapacháin srl)
- Forbairt ghairmiúil leanúnach atá in oiriúint do mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge (ag an dá leibhéal) agus soláthar trí Ghaeilge go comhuaineach de chlár iomlán an PDST
- Tá gá le tacaíocht bhreise do scoileanna le cabhrú leis an teanga ó bhéal, an teanga chognaíoch agus an teanga shóisialta (Tuarascáil Ilchodach na Cigireachta, Lch. 6).
- Tá gá le tacaíocht bhreise sna scoileanna (foireann bhreise agus treoirínte) chun straitéisí difreáilte teagaisc a chur i bhfeidhm.

Iar-bhunscoileanna

- Táscairí dea-chleachtas don suíomh tumoideachais a fheidhmiú trí phlean tacaíochta chuige.
- Scoileanna neamhspleácha tumoideachais in áit aonaid le haghaidh aon soláthar úr sa todhchaí.
- Córas cúí soláthar múinteoirí don oideachas lán-Ghaeilge (teastas incháilithe; caighdeán ar an bhfráma Eorpach mar chritéir ceapacháin; painéil ar leith, srl)
- Cianteagaisc/cianfhoghlaim trí cheangal físchomhdhála le Gaelcholáiste eile sa chás go mbíonn easnamh ann ó thaobh múinteora
- Tá gá le haird níos mó agus tacaíocht chun cabhrú le saibhreas agus cruinneas na scoláirí i dtromlach na gceachtanna ar bhonn traschuraclam (Tuarascáil Ilchodach na Cigireachta, Lch. 14)

RSO i suíomhanna / scoileanna

An cheist a chuirtear sa suirbhé:

Conas mar a cheapann tú is féidir an soláthar tacaíochta do leanaí agus do dhaoine óga le RSO i suíomhanna lán-Ghaeilge a fheabhsú?

An comhthéacs a thugann Gaeloideachas:

- Uaireanta TOS ag an IBL go suntasach níos ísle ná scoileanna Béarla – tá meon diúltach ann nach acmhainn don OLG freastal cuí a dhéanamh.
- Scéim AIM (naíonraí) ní ann do na foirne le cáilíochtaí cuí le hearcú – gan trácht ar chumas Gaeilge

Moltaí Gaeloideachas:

- Clár feasachta – an teachtaireacht agus an tacaíocht ag léiriú gur féidir agus gur fiú do pháistí le RSO a bheith sa chóras OLG
- Gá le tacaíocht bhreise don suíomh tumoideachais
- Soláthar & oiliúint don tacaíocht foghlama sna luathbhlianta
- Tacaíocht teanga bhreise ann féin don Ghaeilge
- Mar bhunphrionsabal go mbeadh seirbhísí tacaíochta trí Ghaeilge do scoileanna ar a n-áirítear teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga, fisiteiripeoirí agus síceolaithe.
- Go bhforbródh an NCSE cúrsa oiliúna i nGaeilge dírithe ar chúntóirí riachtanais speisialta oideachais sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- Go gcuirfead leagan Gaeilge ar fáil go comhuaineach leis an leagan Béarla den cháipéisíocht, tacaíochtaí agus acmhainní do scoileanna agus do thuismitheoirí agus go ndéanfaí oiriúnú ar an ábhar don chomhthéacs lán-Ghaeilge agus Gaeltachta in áit aistriúchán ó leagan Béarla nach dtugann léargas ar chomhthéacs an tumoideachais.
- Comhairle agus treoir ón gCigireacht / SENOs maidir le feidhmiú ranganna speisialta trí Ghaeilge.
- Treoirínite (ar a n-áirítear ó na seirbhísí leighis agus eile) agus acmhainní cuí do RSO sa naíonra agus scoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta;
- Oiliúint éigeantach ar an suíomh tumoideachais do gach soláthróir a chuireann seirbhís ar fáil ag an 3 leibhéal

Comhionannas, éagsúlacht & ionchuimisú

An cheist a chuirtear sa suirbhé:

Cad a cheapann tú a d'fhéadfaí a dhéanamh chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimisú a chur chun cinn san oideachas lán-Ghaeilge?

Moltaí Gaeloideachas:

- Rogha agus deiseanna cúí. Is é an rogha áitiúil is mó a roghnaítear – rud nach ann dó san OLG.
- GMB mar fhoinsé thacaíochta
- Ardú feasachta ar an gcóras LG sna pobail go léir.

Gaeilge i suíomhanna oideachais & sa mhórphobal

An cheist a chuirtear sa suirbhé:

Conas a d'fhéadfaí naisc níos fearr a chruthú idir an t-oideachas lán-Ghaeilge agus an pobal i gcoitinne chun úsáid na Gaeilge a chothú laistigh den phobal?

An comhthéacs a thugann Gaeloideachas:

Is tábhachtaí ceist an tsoláthair agus an chaighdeáin a shocrú, in áit ról na scoileanna ag cur na Gaeilge chun cinn sa phobal – céad chéim / polasaí eile. Ní cheart é a bheith lárnach don pholasaí seo ná ní cheart go mbeadh an fhreagracht ar an scoil an teanga a chur chun cinn sa phobal.

Moltaí Gaeloideachas:

- Seirbhísí seachtracha chun na naíonra nó scoile / mar thacaíocht don scoil/ naíonra – i nGaeilge!
- Seirbhísí creidimh trí Ghaeilge
- Polasaí soiléir agus tacaíocht chuí maidir le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe
- Polasaí soiléir agus plean infheistíochta ag an Stát maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa phobal. Tá ról ag an scoil lena pobal féin, ach ní cheart freagracht níos leithne ná sin a bheith ar an scoil.

Tuairimí / léargas breise ar fhorbairt an pholasáí

- Cén fhís atá ag an Stát / RO don OLG? Gá le sainiú air seo
- Gá le sainmhíniú ar thumoideachas i gcomhthéacs an OLG
- Gá le sainmhíniú ar naíonra/ bunscoil / Iar-bhunscoil ó thaobh raon, caighdeán, cur chuige an tumoideachais
- Gá le sainmhíniú ar Aonad i dtaobh caighdeán, raon agus cur chuige an tumoideachais – mar a bhaineann le hAonaid Reatha – ach nach mbeidís mar chuid de thairiscint ar sholáthar nua sa todhchaí
- Go dtabharfaí aitheantas don tábhacht a bhaineann le liúntas a chur ar fáil do mhúinteoirí na naíonraí/ scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar chomhartha aitheantais don obair mhór bhreise atá ar bun acu ar son na scoileanna agus an chórais oideachais, (le cabhrú le ceist an tsoláthair).